Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**10611/25**

**FISC 146**
**ECOFIN 853**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil ECOFIN maidir le saincheisteanna cánach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an tuarascáil ó ECOFIN maidir le saincheisteanna cánach, a d'fhormheas an Chomhairle (ECOFIN) ag an 4106ú cruinniú a bhí aici i Lucsamburg an 20 Meitheamh 2025.

**IARSCRÍBHINN**

# TUARASCÁIL ECOFIN MAIDIR LE SAINCHEISTEANNA CÁNACH

## A. RÉAMHRÁ

1. Tugtar forléargas sa tuarascáil seo ón gComhairle ar an dul chun cinn a rinneadh sa Chomhairle faoi Uachtaránacht na Polainne, chomh maith le forléargas ar an staid mar atá i ndáil leis na sainchomhaid is tábhachtaí atá faoi chaibidil i réimse an chánachais. Dréachtaíodh an tuarascáil ar bhonn an phlé a rinneadh sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) faoi shaincheisteanna beartais chothrománacha cánach atá ábhartha ar bhonn straitéiseach, i gcomhréir lena sainordú.

2. Lean Uachtaránacht na Polainne den obair ar phríomhchomhaid, lena n-áirítear na tograí sa phacáiste 'CBL sa Ré Dhigiteach', an leasú ar an Treoir maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (DAC 9), an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, an togra maidir le praghsáil aistrithe, an nuashonrú ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, an togra chun mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach a chosc agus caibidlíocht maidir le comhaontuithe cánach an Aontais le roinnt tríú tíortha. Ina theannta sin, leanadh den obair maidir leis an gcaibidlíocht i ndáil le comhar cánach sna Náisiúin Aontaithe bunaithe ar phlé idir na Ballstáit san Aontas.

3. Go sonrach, rinne an Chomhairle an méid seo a leanas:

   a) an pacáiste maidir le CBL sa ré dhigiteach a ghlacadh;

   b) na tograí maidir leis an deimhniú díolúine leictreonach ó CBL a ghlacadh;

   c) tháinig sí ar chur chuige ginearálta i ndáil leis an Treoir maidir le rialacha CBL i ndáil le ciandíolacháin earraí allmhairithe agus i ndáil le CBL ar allmhairí a mhéid a bhaineann le IOSS a dhreasú;

   d) an Treoir lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (DAC9) a ghlacadh;

e) Conclúidí ón gComhairle maidir le clár oibre um dhíthrangláil agus simpliú cánach lena gcuirfear le hiomaíochas an Aontais a fhormheas;

f) rinne sí dul chun cinn maidir leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh;

g) lean sí den phlé ar an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le praghsáil aistrithe, mar aon leis an bplé teicniúil ardleibhéil maidir le bunú féideartha an ardáin um praghsáil aistrithe;

h) lean sí den phlé maidir leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach a chosc; agus

i) thug sí dá haire faisnéis ó sheirbhísí an Choimisiúin maidir leis an gcaibidlíocht i ndáil le Comhaontuithe an Aontais le hAndóra, Lichtinstéin, Monacó, San Mairíne agus an Eilvéis a leasú.

4. Lean an Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) freisin dá cuid oibre maidir leis na hábhair éagsúla a thagann faoina sainordú reatha, lena n-áirítear maidir le liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, mar a leagtar amach sa tuarascáil 6 mhí uaithi[1]. Thug an Chomhairle liosta an Aontais cothrom le dáta an uair dheireanach an 18Feabhra 2025[2].

5. Tá eolas níos mionsonraithe faoi ábhair agus comhaid shonracha ar fáil thíos.

## B. <u>GNÍOMHAÍOCHTAÍ REACHTACHA</u>

### 1) <u>Cánachas Díreach</u>

*a) <u>Mí-úsáid eintiteas caoch</u>*

6. An 22 Nollaig 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach a chosc agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE (an togra maidir le mí-úsáid eintiteas caoch)[3].

---

1 9651/25 + ADD 1-10.
2 IO C, C/2025/1473, 28.2.2025.
3 15296/21.

7. Is é cuspóir an togra seachaint cánach agus imghabháil cánach a chosc trí ghníomhaíochtaí a dhéanann eintitis nach bhfuil tábhacht acu, agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú. Is é is aidhm don togra dul i ngleic le mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach míchuí agus a áirithiú nach bhféadfaidh cuideachtaí caocha san Aontas nach bhfuil aon ghníomhaíocht eacnamaíoch acu nó a bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch íosta acu tairbhe a bhaint as buntáistí cánach.

8. Cuireadh tús leis an anailís theicniúil ar an togra sa chéad seimeastar de 2022, le plé á dhéanamh ag na toscaireachtaí bunaithe ar na téacsanna comhréitigh agus ar na nótaí cúlra a d'ullmhaigh na hUachtaránachtaí as a chéile. Áirítear ar chuid de na saincheisteanna is mó a pléadh: iarmhairtí cánach, naisc le reachtaíocht in aghaidh foréigean baile, eintitis eisiata, substaint íosta, frisnéis na toimhde agus laghdú an ualaigh riaracháin, deimhnithe um chónaí cánach agus malartú faisnéise. Tá treoir curtha ar fáil ag an Meitheal Ardleibhéil maidir le tuilleadh oibre a dhéanamh ar shaincheisteanna atá fós gan réiteach. I bprionsabal, thacaigh formhór na dtoscaireachtaí le cuspóirí an togra, ach bhí siad den tuairim go mbeadh gá le tuilleadh obair theicniúil shuntasach sula bhféadfaí teacht ar chomhaontú.

9. I mí an Mheithimh 2024, cuireadh cur chuige nua i leith an togra faoi bhráid na dtoscaireachtaí. I mí na Samhna 2024, iompaíodh an cur chuige sin ina mholtaí nithiúla maidir le dréachtú maidir le roinnt de na príomhábhair, go háirithe raon feidhme, sainmharcanna, oibleagáid tuairiscithe agus malartú faisnéise, chomh maith le gníomhaíochtaí riaracháin. Pléadh na moltaí sin maidir le dréachtú, impleachtaí praiticiúla an chur chuige nua i gcoitinne agus na réimsí ar ghá tuilleadh airde a thabhairt orthu ag an gcruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Cánach i mí na Samhna 2024. Mheas roinnt toscaireachtaí go raibh sé tábhachtach an caidreamh leis an Treoir maidir le comhar riaracháin (DAC) a shoiléiriú. Cuireadh i bhfios go láidir gur cheart na chéad chéimeanna féideartha eile maidir leis an gcomhad seo a thabhairt ar bhealach nach dtiocfadh ualach iomarcach riaracháin ar ghnólachtaí agus ar údaráis chánach as.

10. Faoi Uachtaránacht na Polainne, d'fhormheas an Chomhairle conclúidí lena leagtar síos clár oibre um dhíthrangláil agus simpliú cánach lena gcuirfear le hiomaíochas an Aontais (féach Caibidil C, roinn (1) thíos). Tá prionsabail maidir le cáin a dhíthrangláil sna conclúidí sin ar cheart iad a urramú freisin agus na tograí atá á bplé faoi láthair á gcaibidil. Ag an Meitheal Ardleibhéil an 29 Aibreán 2025, luadh togra maidir le mí-úsáid eintiteas caoch mar chomhad a d'fhéadfaí a anailísiú ó thaobh prionsabail maidir le cáin a dhíthrangláil.

11. An 27 Bealtaine 2025, bhí malartú tuairimí ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach maidir leis an mbealach chun cinn. Léiríodh gur féidir forluí ionchasach a aithint idir na sainmharcanna sa téacs comhréitigh is déanaí maidir le mí-úsáid eintiteas caoch agus na cinn atá in DAC 6 agus d'fhéadfadh an riosca a bheith ann dá bharr go ndéanfaí, faoi Threoir maidir le mí-úsáid eintiteas caoch a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, faisnéis chomhchosúil a thuairisciú faoi dhó, agus is dócha trí chórais TF ar leithligh. Ina theannta sin, tá cuspóirí DAC 6, mar shampla trédhearcacht cánach a neartú agus an comhrac i gcoinne pleanáil ionsaitheach cánach, ag teacht le spriocanna an togra maidir le mí-úsáid eintiteas caoch. Mheas neart toscaireachtaí go bhféadfaí aidhmeanna an togra maidir le mí-úsáid eintiteas caoch a bhaint amach le soiléirithe nó leasuithe ar shainmharcanna in DAC 6. I gcomhréir leis an gclár oibre maidir le díthrangláil agus simpliú, chuir na toscaireachtaí in iúl freisin nár cheart, le réitigh ar bith a bheadh ann amach anseo, ualach riaracháin míchuí a chruthú. D'fhéadfaí grinnscrúdú a dhéanamh air sin a luaithe a bheidh a anailísí tugtha i gcrích ag an gCoimisiún agus a luaithe a thíolacfaidh sé togra reachtach nua a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le DAC. Mar thoradh air sin, tháinig sé chun solais nár cheart leanúint den anailís ar an togra maidir le mí-úsáid eintiteas caoch sa Chomhairle. Bheadh an cur chuige sin i gcomhréir le coincheap an tsimplithe cánach agus an díthranglála cánach agus sheachnófaí ualach breise riaracháin agus comhlíontachta ar riaracháin agus ar cháiníocóirí na mBallstát, chomh maith le costais cur chun feidhme dhíréireacha agus tuairisciú iolrach. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an cur chuige sin ar an iomlán.

*b)* <u>*An Treoir Praghsála Aistrithe*</u>

12. An 12 Meán Fómhair 2023 thíolaic an Coimisiún an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le praghsáil aistrithe[4], arb é is aidhm di go bunúsach príomhphrionsabail agus rialacha maidir le praghsáil aistrithe a chomhtháthú i ndlí an Aontais, ar prionsabail agus rialacha iad a chomhaontaítear faoi chuimsiú ECFE.

---

4 12954/23 + ADD 1.

13. Tar éis an chéad phlé ghinearálta ar an togra reachtach sin faoi Uachtaránacht na Spáinne, sheol Uachtaránacht na Beilge mionanailís ar an togra ón gCoimisiún ar leibhéal na Meithle um Cheisteanna Cánach. Le linn phlé Uachtaránacht na hUngáire ar leibhéal na Meithle um Cheisteanna Cánach, leanadh de léiriú a thabhairt nach raibh tacaíocht leordhóthanach á bailiú ag an togra reachtach seo ó na Ballstáit. Níor léir d'fhormhór mór na mBallstát go bhféadfaí tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar bhonn an togra ón gCoimisiún san fhoirm ina bhfuil sé faoi láthair. Ní raibh ach roinnt Ballstát den tuairim go bhféadfaí leanúint den phlé teicniúil, chun a chinneadh cé acu a bhí nó nach raibh aon ghnéithe nós imeachta ann a bhaineann le rialacha praghsála aistrithe, a d'fhéadfaí a chomhchuibhiú le Treoir ón gComhairle.

14. D'iarr Uachtaránacht na Polainne tuairimí na mBallstát ar leibhéal na Meithle um Cheisteanna Cánach i dtaobh cé a bhí nó nach raibh aon athrú ar a seasamh maidir leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle. Léiríodh sa phlé go bhfuil go leor ábhar imní ag na Ballstáit, lena n-áirítear ábhair imní bhunúsacha maidir leis an togra reachtach seo agus nach dócha go dtiocfar ar chomhaontú. Cé go measann roinnt Ballstát go bhféadfaí roinnt gnéithe nós imeachta a bhaineann le praghsáil aistrithe a rialáil i dTreoir, is cosúil nach féidir comhréiteach a bhaint amach ar an mbonn sin. Mar sin féin, tacaíonn na Ballstáit go hiomlán leis an gcuspóir ginearálta castacht, costais agus ualach riaracháin a laghdú do cháiníocóirí agus d'údaráis chánach araon i réimse na praghsála aistrithe.

15. I gcomhthráth leis an bplé ar an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle agus faoi réir fhorálacha Airteagal 296(3) CFAE, lean Uachtaránacht na Polainne den phlé teicniúil maidir leis an bhféidearthacht ardán um praghsáil aistrithe a bhunú lasmuigh de chreat Treorach ón gComhairle. Bhí an plé sin bunaithe ar an bhfíoras gur léirigh na Ballstáit spéis i modh oibre éagsúil idir na Ballstáit agus gur thacaigh siad leis, lena gcoinneofaí rialacha maidir le praghsáil aistrithe laistigh dá n-inniúlacht agus lena bhféadfaí réitigh nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí agus atá bunaithe ar chomhthoil a mholadh, a dhearadh agus a chinneadh, i gcomhréir le creat ECFE, ar shaincheisteanna praiticiúla i réimse na praghsála aistrithe, agus é mar aidhm leis sin castacht, costais agus ualach riaracháin do cháiníocóirí agus d'údaráis chánach araon a laghdú.

16. D'ainneoin tacaíocht ghinearálta a bheith ann don smaoineamh ardán um praghsáil aistrithe a bhunú, tá tuairimí éagsúla curtha in iúl ag na Ballstáit maidir le paraiméadair bhunúsacha an ardáin, mar shampla a shainordú agus a struchtúr, foirm na dtorthaí agus formhuiniú a chuid oibre (torthaí), agus an fhéidearthacht gealltanas polaitiúil a thabhairt iad sin a chur chun feidhme agus athbhreithniú nó faireachán a dhéanamh orthu. Thacaigh roinnt Ballstát le bunú an ardáin le sainordú leathan, tiomantas polaitiúil agus sásra athbhreithnithe nó faireacháin, a bhí ríthábhachtach don Choimisiún chun éifeachtacht an ardáin a áirithiú, ach níor thángthas ar aon chomhaontú maidir leis an ábhar sin.

17. Mar sin féin, tugtar faoi deara go bhfuil na Ballstáit sásta leis an smaoineamh go bhféadfadh an Coimisiún ardán um praghsáil aistrithe a bhunú, a fheidhmíonn ar bhonn comhthola idir na Ballstáit agus a bhreathnaíonn ar shaincheisteanna praiticiúla i réimse na praghsála aistrithe, agus é mar chuspóir aige rialacha a choinneáil ar bun maidir le praghsáil aistrithe laistigh d'inniúlacht na mBallstát agus a dhearann agus a mholann réitigh nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí de atá bunaithe ar chomhthoil, i gcomhréir le creat ECFE, agus é mar aidhm leis sin castacht, costais agus ualach riaracháin do cháiníocóirí agus d'údaráis chánach araon a laghdú.

*c) <u>Treoir BEFIT</u>*

18. An 12 Meán Fómhair 2023, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim (BEFIT)[5], arb é is príomhchuspóir dó comhchreat cánach corparáide a fhorbairt do chuideachtaí ilnáisiúnta móra san Aontas. A luaithe a moladh BEFIT, tharraing an Coimisiún siar a thograí maidir leis an gComhbhonn (Comhdhlúite) don Cháin Chorparáide (CCTB/CCCTB), a bhí á gcur faoi bhráid na Comhairle ó 2016 i leith agus a cuireadh ar feitheamh mar gheall ar an gcaibidlíocht dhomhanda a thosaigh i gcomhthráth ar an réiteach Dhá Cholún (faoi Chreat cuimsitheach G20/ECFE maidir le BEPS).

---

[5] 12965/23 + ADD 1-3.

19. Rinneadh achoimre ar an obair ullmhúcháin a rinneadh go dtí seo sna tuarascálacha roimhe seo ón gComhairle maidir le saincheisteanna cánach.[6] Faoi Uachtaránacht na Polainne, agus é mar chuspóir acu tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i réimse an bheartais cánach agus na reachtaíochta cánach, beartaíodh díriú ar roinnt tosaíochtaí eile, dá dtagraítear sa chuid réamhráiteach den tuarascáil seo.[7]

20. Tugadh ar aird sa tuarascáil roimhe seo ón gComhairle maidir le saincheisteanna cánach '*gur dhíol sásaimh do roinnt Ballstát go mbeadh plé polaitiúil ann faoi BEFIT, ach meastar, áfach, go mbeidh gá le tuilleadh machnaimh agus le tuilleadh obair theicniúil roimh ré chun na chéad chéimeanna eile sa chaibidlíocht sin a chinneadh le linn théarma na hUachtaránachta atá le teacht. I ndáil leis an méid sin, mhol roinnt Ballstát freisin go bhféadfaí tosaíocht a thabhairt don phlé maidir le codanna sonracha áirithe den togra, mar bhealach chun cinn. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí leanúint den anailís theicniúil ar an togra ón gCoimisiún agus é mar chuspóir plé a ullmhú maidir leis na roghanna beartais*.'[8]

2) **<u>Cánachas Indíreach</u>**

a) *<u>CBL sa ré dhigiteach</u>*

21. An 8 Nollaig 2022, d'eisigh an Coimisiún a phacáiste 'Rialacha CBL don ré dhigiteach', ina raibh trí thogra:

- togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach[9];
- togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis na socruithe comhair riaracháin CBL is gá don ré dhigiteach[10]; agus
- togra le haghaidh Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise le haghaidh scéimeanna áirithe CBL[11].

---

[6] 11287/24, pointí 34-38, 16673/24, pointí 27-30.
[7] Pointe 3 den tuarascáil seo.
[8] 16673/24, pointe 30.
[9] 15841/22.
[10] 15842/22.
[11] 15843/22.

22. Tá trí chuspóir ag an bpacáiste. Ar an gcéad dul síos, tugann sé faoi na hoibleagáidí tuairiscithe CBL a nuachóiriú trí cheanglais um thuairisciú digiteach a thabhairt isteach bunaithe ar ríomhshonrascadh. Ar an dara dul síos, tá sé beartaithe aige aghaidh a thabhairt ar dhúshláin gheilleagar na n-ardán trí na rialacha CBL is infheidhme a thabhairt cothrom le dáta. Agus ar an tríú dul síos, féachann sé le haghaidh a thabhairt ar an ualach riaracháin trí bhogadh i dtreo clárú aonair CBL.

23. An 5 Samhain 2024, tháinig an Chomhairle (Ecofin) ar chomhaontú maidir leis an gcomhréiteach sin, ina bhfuil cur chuige ginearálta i ndáil leis an Treoir leasaitheach, comhaontú polaitiúil maidir leis an Rialachán leasaitheach, agus comhaontú polaitiúil maidir leis an Rialachán Cur Chun Feidhme leasaitheach. Chinn an Chomhairle freisin dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa arís maidir leis an Treoir. D'eisigh Parlaimint na hEorpa tuairim nua an 18 Feabhra.

24. An 11 Márta 2025, ghlac an Chomhairle an pacáiste go foirmiúil[12]. Foilsíodh na gníomhartha dlíthiúla in Iris Oifigiúil an 25 Márta 2025[13].

*b)* *Rialacha CBL maidir le ciandíolacháin earraí a allmhairíodh agus maidir le CBL allmhairiúcháin*

25. An 17 Bealtaine 2023, d'eisigh an Coimisiún pacáiste tograí mar chuid d'athchóiriú leathan cuimsitheach ar an Aontas Custaim, agus teachtaireacht ag gabháil leis dar teideal: 'Athchóiriú custaim: an tAontas Custaim a thabhairt go leibhéal eile'[14]. Áiríodh sa phacáiste sin freisin togra maidir le cáin breisluacha, is é sin togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL a bhaineann le daoine inchánach a éascaíonn ciandíolacháin earraí allmhairithe agus cur i bhfeidhm na scéime speisialta le haghaidh ciandíolacháin earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó ó thríú tíortha agus socruithe speisialta maidir le CBL ar allmhairí cánach a dhearbhú agus a íoc (an 'Treoir maidir le ciandíolacháin earraí allmhairithe agus allmhairí cánach')[15].

---

[12] 6304/25.
[13] IO L, 2025/516, 25.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2025/516/oj; IO L, 2025/517, 25.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/517/oj; IO L 2025/518, 25.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/518/oj.
[14] 9622/23.
[15] 9638/23.

26. Ceann d’aidhmeanna an athchóirithe custaim is ea aghaidh a thabhairt ar an méadú ollmhór ar mhéideanna trádála, méadú arna spreagadh den chuid is mó le fás urghnách na ríomhthráchtála arb é is cúis le méid ollmhór pacáistí beaga ina bhfuil earraí íseal-luacha. Cuireann cásanna tearcluachála agus ina ndéantar coinsíneachtaí a roinnt d’aon ghnó lena luach a choinneáil faoi bhun EUR 150 chun dleachtanna custaim a sheachaint leis na deacrachtaí. Dá bhrí sin, leis na tograí le haghaidh athchóiriú, féachtar le deireadh a chur leis an díolúine chustaim le haghaidh earraí ar fiú suas le tairseach EUR 150 iad agus le córas nua taraifí a thabhairt isteach le haghaidh coinsíneachtaí ar luach íseal a bhfuil ceithre bhuicéad acu.

27. Faoi láthair, is ann don tairseach EUR 150 sin freisin chun an fhoráil i dtaca le soláthróir measta sa Treoir maidir le CBL a chur i bhfeidhm, agus chun an t-ionad ilfhreastail le haghaidh allmhairí CBL (IOSS) a úsáid: tá a chur i bhfeidhm teoranta do chiandíol earraí a allmhairíodh nach mó ná EUR 150. Is é is aidhm don togra CBL sa phacáiste deireadh a chur leis an tairseach sin freisin chun críocha IOSS, le gur féidir na rialacha custaim agus CBL maidir le ríomhthráchtáil a ailíniú.

28. Ina theannta sin, ós rud é nach raibh aon tacaíocht ann d’úsáid éigeantach IOSS sa chaibidlíocht faoin bpacáiste maidir le CBL sa ré dhigiteach, forbraíodh réiteach malartach faoi Uachtaránacht na Spáinne agus faoi Uachtaránacht na Beilge chun úsáid IOSS a dhreasú, go háirithe tríd an soláthróir nó an soláthróir measta a chur faoi dhliteanas CBL maidir le hallmhairiú na n-earraí sna Ballstáit is ceann scríbe (ina gcuirtear san áireamh go mbeadh ar sholáthróirí (measta) clárú ar leithligh i ngach Ballstát ina ndéanann siad gnó mura mbaineann siad úsáid as IOSS).

29. Mar gheall ar na dlúthnaisc idir an réiteach dreasachta sin agus an t-athchóiriú ar Chód Custaim an Aontais, cinneadh na forálacha ábhartha a phlé i gcomhthéacs an togra maidir le CBL san athchóiriú custaim. Le linn ceithre chruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Cánach, rinne Uachtaránacht na hUngáire an réiteach a bheachtú a thuilleadh, lena n-áirítear bearta chun íocaíocht CBL ar allmhairiú a dhaingniú a thuilleadh agus beart cúltaca lena gcuirfí ar chumas na mBallstát i gcásanna sonracha ligean don chustaiméir CBL ar allmhairí a íoc, agus phléigh sí deireadh a chur leis an tairseach EUR 150 le haghaidh IOSS.

30. Le linn na caibidlíochta, moladh an sainmhíniú ar 'ciandíol earraí a allmhairíodh ó thríú críocha agus tríú tíortha' a leathnú chuig soláthairtí ó stórais chustaim, chun cothrom iomaíochta a bhaint amach – i dtaobh na féidearthachta IOSS a úsáid chun críocha CBL – idir soláthairtí a thagann isteach i mbeartáin aonair agus soláthairtí a thagann isteach ar an mórchóir chuig stórais chustaim lena ndíol ar aghaidh le tomhaltóirí. I bhfianaise na dtairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann chun críoch rialaithe custaim, chuir Uachtaránacht na hUngáire an moladh sin san áireamh ina téacs comhréitigh den dréacht-Treoir maidir le ciandíolacháin earraí allmhairithe agus CBL ar allmhairí.

31. Cé go bhfuil dlúthbhaint ag an athchóiriú custaim le baint na tairsí EUR 150 agus leis an síneadh chuig stórais chustaim, agus cé gur gá iad a phlé i bhfianaise na roghanna beartais a rinneadh sa chaibidlíocht maidir leis an bpacáiste reachtach sin, níl aon bhaint mar sin idir an t-athchóiriú custaim agus na bearta chun IOSS a dhreasú. Go bunúsach, ní chuirtear an cur chuige malartach in ionad na bhforálacha ó phacáiste CBL sa ré dhigiteach a d'fhágfadh go mbeadh IOSS éigeantach. Trí spreagadh breise a thabhairt chun CBL a dhearbhú go tréimhsiúil in ionad measúnú agus íocaíocht ag an teorainn, dhéanfaí, leis na bearta chun IOSS a dhreasú, bailiú CBL a shimpliú. Ina theannta sin, toisc go ndíspreagfar go mór neamhchomhlíonadh leis na bearta, bhí Uachtaránacht na Polainne den tuairim go bhfuil gá leis na bearta sin agus go bhfuil siad inmhianaithe ar fhorais CBL amháin. Thairis sin, sholáthródh glacadh na mbeart sin soiléireacht maidir leis an gcreat CBL is infheidhme sa chaibidlíocht maidir leis an athchóiriú ar Chód Custaim an Aontais.

32. Chuige sin, d'ullmhaigh Uachtaránacht na Polainne dréacht ina bhfuil na forálacha ba cheart a ghlacadh ar leithligh, agus ráiteas ag gabháil leis atá le cur le miontuairiscí na Comhairle maidir leis sin go leanfadh an Chomhairle de bheith ag obair ar na gnéithe eile den dréacht-Treoir. Thacaigh an Coimisiún leis an gcur chuige sin freisin. Ag an am céanna, d'eagraigh an Uachtaránacht plé beartais freisin maidir le roinnt beart a d'fhéadfadh a bheith ann chun stóinseacht IOSS a fheabhsú d'fhonn a raon feidhme a leathnú amach anseo.

33. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil, thacaigh beagnach gach toscaireacht le téacs comhréitigh athbhreithnithe nach bhfuil ann ach na forálacha maidir le dreasacht. Bhí forchoimeádais fós ag roinnt toscaireachtaí. Chun freastal ar ábhair imní na dtoscaireachtaí sin, rinne an Uachtaránacht roinnt athruithe ar an téacs comhréitigh agus ar an dréachtráiteas ón gComhairle.

34. An 13 Bealtaine 2025, tháinig an Chomhairle (ECOFIN) ar chur chuige ginearálta maidir leis an téacs ar an mbonn sin[16]. Chinn an Chomhairle freisin dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir leis an téacs d'fhonn é a ghlacadh, faoi réir athbhreithniú dlí agus teanga ar an téacs.

*(c)* *Deimhniú díolúine leictreonach ó CBL*

35. An 8 Iúil 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún dhá thogra arb é is aidhm dóibh deimhniú díolúine leictreonach ó CBL a chur in ionad an deimhnithe díolúine páipéir ó CBL atá ann faoi láthair:

i. togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann leis an deimhniú díolúine leictreonach ó CBL; agus
ii. togra le haghaidh Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a mhéid a bhaineann leis an deimhniú díolúine leictreonach ó CBL.

36. A bhuí leis an togra chun an Treoir maidir le CBL a leasú, is ann do choinníollacha dlíthiúla le go bhféadfaidh an Coimisiún an deimhniú leictreonach a fhorbairt trí bhearta cur chun feidhme, agus foráiltear leis an togra chun an Rialachán Cur Chun Feidhme a leasú maidir le húsáid mhalartach deimhnithe páipéir agus leictreonacha araon le linn idirthréimhse.

37. Tháinig an Chomhairle (ECOFIN) ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an bpacáiste an 10 Nollaig 2024, agus an 18 Feabhra 2025, ghlac an Chomhairle an pacáiste go foirmiúil[17]. Foilsíodh na gníomhartha dlíthiúla san Iris Oifigiúil an 28 Feabhra 2025[18].

---

16 8710/25.
17 5431/25.
18 IO L, 2025/425, 28.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2025/425/oj; IO L 2025/428, 28.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/428/oj.

*d)* *Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh*

38. An 14 Iúil 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú)[19], ('togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh').

39. Is cuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55' é an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[20], arb é is aidhm dó spriocanna uaillmhianacha an Aontais a chur chun feidhme, is é sin laghdú 55 % ar a laghad a dhéanamh ar astaíochtaí faoi 2030 le hais leibhéil 1990 agus an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Is éard atá sa phacáiste sraith de thograí idirnasctha, ar tograí iad uile a spreagann an sprioc chéanna; aistriú cóir, iomaíoch agus glas a áirithiú faoi 2030 agus ina dhiaidh sin.

40. Tá sé d'aidhm ag an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

a) creat oiriúnaithe a sholáthar a rannchuidíonn le spriocanna 2030 an Aontais agus leis an aeráidneodracht faoi 2050 i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Is éard a bheadh i gceist leis sin an cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas a ailíniú le beartais fuinnimh, chomhshaoil agus aeráide an Aontais, rud a chuirfeadh le hiarrachtaí laghdaithe astaíochtaí an Aontais;

b) creat a chur ar fáil lena gcaomhnaítear agus lena bhfeabhsaítear margadh inmheánach an Aontais trí raon feidhme na dtáirgí fuinnimh agus struchtúr na rátaí a thabhairt cothrom le dáta agus trí chuíchóiriú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann na Ballstáit as díolúintí agus laghduithe cánach; agus

c) go gcaomhnófaí an acmhainneacht ioncam a ghiniúint le haghaidh bhuiséid na mBallstát.

---

19 10872/21.
20 10849/21.

41. An 17 Meitheamh 2022, thug an Chomhairle (ECOFIN) dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht i ndáil leis an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[21]. An 6 Nollaig 2022, bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle (ECOFIN) faoin togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh agus thug sí treoir pholaitiúil maidir leis an mbealach chun cinn[22]. Tríd is tríd, thacaigh na hAirí le cur chuige na hUachtaránachta, a bhí níos solúbtha, agus d'iarr siad go dtiocfaí ar réitigh ar shaincheisteanna oscailte. Le linn na díospóireachta beartais a reáchtáladh ag cruinniú na Comhairle (ECOFIN) an 10 Nollaig 2024[23], bhí formhór na dtoscaireachtaí den tuairim gur cothromaíocht íogair idir tuairimí éagsúla a bhí sa chomhréiteach a baineadh amach go dtí seo maidir leis an treoir ina hiomláine, agus gnéithe éagsúla á gcur san áireamh, cuir i gcás na spriocanna glasa, sainiúlachtaí na mBallstát, iomaíochas agus an margadh inmheánach. Tharraing roinnt toscaireachtaí aird fós ar shaincheisteanna áirithe a raibh tuilleadh plé de dhíth ina leith. Agus an treoir pholaitiúil á cur san áireamh, leanadh den anailís theicniúil.

42. Ag tógáil ar an dul chun cinn a rinne na huachtaránachtaí roimhe seo, lean Uachtaránacht na Polainne den obair ar an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh. D'ullmhaigh an Uachtaránacht téacsanna comhréitigh iomlána roinnt uaireanta. Rinneadh anailís ar an gcomhad sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach an 30 Eanáir, an 1 Aibreán agus an 20 Bealtaine. Cuireadh faisnéis faoin gcomhad ar fáil freisin do na toscaireachtaí ag an Meitheal Ardleibhéil a reáchtáladh an 12 Meitheamh. An 20 Meitheamh 2025, thug an Chomhairle (ECOFIN) dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht i ndáil leis an gcomhad ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[24].

---

21 9874/22.
22 14736/22.
23 16174/24 REV 1.
24 7819/25.

## 3) **An comhar riaracháin i réimse an chánachais**

a) *Treoir lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (DAC9)*

43. An 28 Deireadh Fómhair 2024, d'eisigh an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais ('DAC9')[25].

44. Ba é príomhchuspóir an togra reachtaigh seo forálacha sonracha Threoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórscála intíre san Aontas a chur chun feidhme[26]. Go háirithe, baineann sé sin le hAirteagal 44 den Treoir sin, lena leagtar amach oibleagáid ar eintitis chomhdaithe de chuid grúpaí ilnáisiúnta fiontar agus grúpaí mórscála intíre an tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin a chomhdú. Chun an tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin a chomhdú, ní mór teimpléad caighdeánaithe a úsáid.

45. Tar éis obair ullmhúcháin a rinne sí,[27] ag an gcruinniú a bhí aici an 11 Márta 2025, tháinig an Chomhairle (ECOFIN) ar chomhaontú polaitiúil maidir le téacs na dréacht-Treorach[28], d'fhonn an Treoir a ghlacadh, faoi réir athbhreithniú dlíthiúil agus teanga. Cuireadh ráiteas ón gComhairle agus ráiteas ón gCoimisiún le miontuairiscí an chruinnithe sin den Chomhairle.[29]

46. An 14 Aibreán 2025, ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) Treoir (AE) 2025/872 ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais.[30] Foilsíodh an gníomh dlíthiúil san Iris Oifigiúil an 6 Bealtaine 2025[31].

---

25 15004/24 + ADD1.
26 IO L 328, 22.12.2022, p. 1–58 ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2523/oj.
27 6760/25 + ADD1.
28 6845/25.
29 7009/25, leathanach 3, pointe 4 agus an Iarscríbhinn.
30 6963/25, 8024/25.
31 IO L 2025/872, 6.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/872/oj.

b) *Comhaontuithe idir an tAontas agus Andóra, Lichtinstéin, Monacó, San Mairíne agus an Eilvéis*

47. Tar éis an phlé ag an Meitheal Ardleibhéil um Cheisteanna Cánach a tionscnaíodh in 2023[32], chuir an Coimisiún Moladh faoi bhráid na Comhairle an 17 Eanáir 2024 le haghaidh Cinneadh ón gComhairle chun údarás a thabhairt don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht lena n-leasaítear na cúig chomhaontú maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise, Prionsacht Lichtinstéin, Prionsacht Andóra, Prionsacht Mhonacó agus Poblacht San Mairíne faoi seach.[33]

48. Is é seo a leanas is aidhm don chaibidlíocht atá beartaithe maidir leis na cúig chomhaontú sin a leasú:

(a) a áirithiú go ndéanfar an t-uathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais idir Ballstáit an Aontais agus na cúig thír nach Ballstáit den Aontas iad faoi na cúig chomhaontú faoi seach de chuid an Aontais a ailíniú, ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, leis an gComhchaighdeán Tuairiscithe nuashonraithe a d'fhorbair ECFE, agus go leanfar den uathmhalartú sin a dhéanamh i gcomhréir leis an gComhchaighdeán Tuairiscithe sin; cuireadh cur chun feidhme na gcomhchaighdeán tuairiscithe nuashonraithe laistigh den Aontas san áireamh i dTreoir 2023/2226;

(b) i gcás inarb iomchuí, na tagairtí dlíthiúla do Threoir 95/46/CE a thabhairt cothrom le dáta le tagairtí do Rialachán (AE) 2016/679.

---

[32] 16411/23, lch. 17-18.
[33] 5598/24 + ADD 1.

49. An 21 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht faoi leasú a dhéanamh ar na comhaontuithe a bhaineann le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar chomhlíonadh cánach idirnáisiúnta idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise, Prionsacht Lichtinstéin, Prionsacht Andóra, Prionsacht Mhonacó agus Poblacht San Mairíne faoi seach,[34] agus tháinig sí ar chomhaontú maidir leis na treoracha caibidlíochta[35]. Beartaíodh a áireamh, sna treoracha caibidlíochta, leasú ar an gComhaontú leis an Eilvéis i ndáil le cúnamh chun cánacha díreacha agus indíreacha a bhailiú.

50. Ag na cruinnithe a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil an 26 Meán Fómhair, an 24 Deireadh Fómhair 2024, an 8 Eanáir, an 26 Feabhra, an 29 Aibreán agus an 12 Meitheamh 2025, agus ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach an 31 Eanáir agus an 27 Bealtaine 2025, thug an Coimisiún tuairisc ar an dul chun cinn a rinneadh sa chaibidlíocht maidir le comhaontuithe a leasú leis an Eilvéis, le Lichtinstéin, le San Mairíne, le Monacó agus le hAndóra agus chuir sé toradh na caibidlíochta sin i láthair ina dhiaidh sin, eadhon na dréachtphrótacail leasaitheacha d’fhonn inisealacha a chur leis na téacsanna.

[34] 9543/24, 9245/24.
[35] 9245/24 ADD 1.

## C. GNÍOMHAÍOCHTAÍ NEAMH-REACHTACHA

### 1) Conclúidí maidir le clár oibre um dhíthrangáil agus simpliú cánach lena gcuirfear le hiomaíochas an Aontais

51. Sna conclúidí uaithi a formheasadh ag an gcruinniú a bhí aici an 17 agus an 18 Aibreán 2024[36], leag an Chomhairle Eorpach béim ar a phráinní atá sé 'comhaontú nua maidir le hiomaíochas na hEorpa a chur chun feidhme – comhaontú a bheadh fréamhaithe i margadh aonair lán-chomhtháite', ina meabhraítear di an gá atá le deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht, comhtháthú níos fearr, comhleanúnachas, oscailteacht don nuálaíocht agus digiteach mar réamhshocrú, agus an t-ualach riaracháin á laghdú ag an am céanna. I nDearbhú Bhúdaipeist i ndáil leis an gComhaontú Nua maidir le hIomaíochas na hEorpa[37], leag an Chomhairle Eorpach béim ar an ngá atá le 'réabhlóid simpliúcháin a sheoladh lena n-áiritheofar creat rialála soiléir, simplí agus cliste do ghnólachtaí agus lena ndéanfar laghdú suntasach ar ualaí riaracháin, rialála agus tuairiscithe, go háirithe do FBManna'.

52. Le linn díospóireacht bheartais na Comhairle an 18 Eanáir 2025 maidir le 'Timpeallacht ghnó atá iomaíoch ar fud an domhain a áirithiú san Eoraip — simpliú, díthrangláil, agus laghdú ar an ualach rialála', luaigh roinnt airí gur gá córais chánach a shimpliú agus go bhféadfaí reachtaíocht chánach an Aontais a dhíthrangláil.

53. I bhfianaise an mhéid sin, mhol an Uachtaránacht tús a chur leis an obair ar chonclúidí ón gComhairle lena léireofaí tuairimí na Comhairle agus lena dtabharfaí treoir maidir le tionscnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo chun iomaíochas an Aontais a fheabhsú agus chun ualaí riaracháin, rialála agus tuairiscithe i réimse an chánachais a laghdú. Thacaigh na toscaireachtaí i gcoitinne leis an moladh go gcuirfí conclúidí i dtoll a chéile, agus chinn an Uachtaránacht go dtosódh sí ag obair ar chonclúidí bunaithe ar an ionchur a fuarthas ó na toscaireachtaí.

---

36 EUCO 12/24.

37 Dearbhú Bhúdaipeist i ndáil leis an gComhaontú Nua maidir le hIomaíochas na hEorpa, https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2024/11/08/the-budapest-declaration/

54. Rinne an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta na conclúidí sin a scrúdú an 20 Feabhra agus an 26 Feabhra 2025. Cuireadh leagan athbhreithnithe de na conclúidí faoi bhráid Coreper an 4 Márta 2025, agus d'fhormheas an Chomhairle na conclúidí an 11 Márta 2025[38].

55. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil an 29 Aibreán 2025, chuir Uachtaránacht na Polainne i láthair cur chuige na foirne trí Uachtaránacht maidir leis an obair leantach ar na conclúidí.

**2) <u>Táirgí tobac</u>**

56. An 26 Feabhra 2025, bhí seisiún tuairimíochta ag an Meitheal Ardleibhéil maidir le dúshláin a bhaineann le cánachas ar tháirgí tobac agus ar tháirgí a bhfuil nicitín iontu. Tháinig sé chun solais ón bplé, in éagmais rialacha de chuid an Aontais maidir le cánachas ar tháirgí malartacha atá ag teacht chun cinn agus i bhfianaise margadh na dtáirgí sin a bheith ag forbairt go tapa, go bhfuil cánacha ar na táirgí sin tugtha isteach ag na Ballstáit ina n-aonar. Dá bharr sin, tá difríochtaí suntasacha ann maidir leis an gcáin a ghearrtar ar na táirgí nua sin, rud a chruthaíonn dúshláin riaracháin maidir le maoirseacht a dhéanamh ar an réimse gníomhaíochta eacnamaíche sin, rud a fhágann go bhfuil méadú ag teacht ar shaobhadh iomaíochta agus neamhéifeachtúlachtaí i bhfeidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Le linn na Meithle Ardleibhéil, is beag Ballstát a chuir forchoimeádais láidre in iúl i leith tionscnamh de chuid an Choimisiúin chun táirgí malartacha tobac agus nicitín a chumhdach, agus chuir roinnt Ballstát in iúl gur mian leo iomaíochas an mhargaidh a chaomhnú. Thairis sin, d'iarr formhór mór na mBallstát go hoscailte go ndéanfadh an Coimisiún gníomhaíocht sa réimse sin.

57. Cé gur iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún cheana féin ina conclúidí maidir le tobac in 2020 togra reachtach a thíolacadh le haghaidh athbhreithniú ar reachtaíocht a bhaineann le cánachas tobac, níl an togra sin curtha síos ag an gCoimisiún agus níl sé i gclár oibre an Choimisiúin do 2025 ach oiread.

---

[38] 6748/25.

## 3) <u>Comhar riaracháin maidir le cearrbhachas</u>

58. An 8 Eanáir 2025, bhí seisiún tuairimíochta ag an Meitheal Ardleibhéil maidir le feabhas a chur ar an gcomhar riaracháin i réimse an chearrbhachais chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin don mhargadh inmheánach a eascraíonn as digiteáil an gheilleagair. Cuireadh in iúl go bhféadfadh riosca imghabhála cánach agus caillteanais ioncaim do na Ballstáit a bheith i gceist le gníomhaíochtaí suíomhanna gréasáin agus ardán amach ón gcósta a chuireann deiseanna cearrbhachais neamhdhleathacha ar fáil.

59. Moladh grúpa saineolaithe a bhunú agus comhar riaracháin a úsáid chun faisnéis faoi chearrbhachas a mhalartú, lena n-áirítear bunachar sonraí a chruthú, mar roinnt smaointe maidir le conas an fhadhb a mhaolú. Cuireadh i bhfios go láidir gur ábhar ildisciplíneach é an cearrbhachas, agus gur cuid de phictiúr níos mó é an cánachas. Sula ndéanfar beart, is gá tuiscint níos fearr a fháil ar na bearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le cánachas agus reachtaíocht ábhartha a mhapáil. Ag an Meitheal Ardleibhéil an 26 Feabhra 2025, chuir an Uachtaránacht tuilleadh faisnéise ar fáil maidir le hábhar an chearrbhachais.

## 4) <u>A bhfuil ag titim amach ar bhonn idirnáisiúnta</u>

60. Cuireadh an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas go rialta faoi na príomhfhorbairtí idirnáisiúnta ábhartha i réimse an bheartais cánach.

*a) <u>Creat Cuimsitheach ECFE/G20 um BEPS</u>*

61. Cuireadh na toscaireachtaí ar an eolas go rialta faoin obair leanúnach agus faoi staid na himeartha i gCreat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis (BEPS) (IF maidir le BEPS), agus faoi ghnéithe den bheartas cánach a chumhdaítear i gcruinnithe Airí Airgeadais G20 agus Ghobharnóirí na mBanc Ceannais.

62. Ag an gcéim seo, tá 'Réiteach Dhá Cholún chun aghaidh a thabhairt ar na Dúshláin Chánach a eascraíonn as Digiteáil an Gheilleagair' fós ar cheann de na príomhábhair a phléitear i gCreat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le BEPS. Sa réimse sin, cumhdaítear sa phríomhphlé faoi láthair roinnt saincheisteanna tábhachtacha a bhaineann le cur chun feidhme domhanda Cholún a Dó.

63. Cé go bhfuil cur chun feidhme domhanda níos leithne fós ina chuspóir inmhianaithe, tá rialacha Cholún a Dó ina gcuid de *acquis* an Aontais cheana féin trí bhíthin Threoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórscála intíre san Aontas.

64. I bhfianaise a thábhachtaí atá na saincheisteanna sin, phléigh an Mheitheal Ardleibhéil, ar thionscnamh Uachtaránacht na Polainne, staid na himeartha agus roinnt roghanna teicniúla le haghaidh bealach chun cinn maidir leis na hábhair sin.

65. Sa chomhthéacs sin, agus mar a luadh sa ráiteas a rinne Creat Cuimsitheach ECFE/G20 ar BEPS le déanaí tar éis an 17ú cruinniú iomlánach a bhí aige ón 7 go dtí an 10 Aibreán 2025, beidh gá le plé cuiditheach chun an cuspóir ríthábhachtach maidir le cinnteacht agus cobhsaíocht a áirithiú sa chóras cánach idirnáisiúnta a chur chun cinn.

66. Gabhann ríthábhacht leis an gcaibidlíocht sin freisin i bhfianaise an chuspóra iomaíochas eacnamaíoch an Aontais agus a Bhallstát a áirithiú agus, ina theannta sin, chun go mbeidh cothrom na Féinne ann do na fiontair ilnáisiúnta uile lena mbaineann. Meastar, dá bhrí sin, go leanfar den obair ullmhúcháin is gá ar an leibhéal teicniúil agus ar an leibhéal polaitiúil araon, de réir mar is iomchuí.

*b)* *Caibidlíocht i ndáil le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le comhar idirnáisiúnta cánach*

67. An 27 Samhain 2024, ag an 79ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, glacadh an rún maidir le ‘Comhar cánach idirnáisiúnta cuimsitheach agus éifeachtach a chur chun cinn ag na Náisiúin Aontaithe’ chun tús a chur leis an gcaibidlíocht fhoirmiúil maidir le Creat-Choinbhinsiún. Staon Ballstáit an Aontais ón vótáil.

68. Seoladh an chaibidlíocht ag an gCoiste Caibidlíochta Idir-Rialtasach maidir leis an gCoinbhinsiún nua agus dhá phrótacal luatha in 2025, agus bhí na chéad chruinnithe substainteacha ar siúl i Nua-Eabhrac ón 3 go dtí an 6 Feabhra 2025. Le linn an tseisiúin sin, tháinig na toscairí ar chomhaontú maidir le socruithe nós imeachta agus sheol siad trí shruth oibre neamhfhoirmiúla chun an chaibidlíocht a threorú: Sruth oibre I maidir leis an gCreat-Choinbhinsiún, sruth oibre II maidir le Prótacal 1 a bhaineann le cánachas ar ioncam ó sheirbhísí trasteorann, agus sruth oibre III maidir le Prótacal 2 lena dtugtar aghaidh ar dhíospóidí a chosc agus a réiteach. Is é is aidhm do na sruthanna oibre sin dréacht-eilimintí agus ionchur teicniúil a fhorbairt chun tacú leis an dul chun cinn ar na téacsanna a caibidlíodh. Cuireadh an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas go tráthrialta maidir leis an bplé.

## 5) <u>An Mheitheal um an gCód Iompair (cánachas gnó)</u>

69. Tháinig an Mheitheal um an gCód Iompair le chéile an 29 Eanáir agus an 30 Aibreán 2025, agus tionóladh cruinnithe an fhoghrúpa an 14 agus an 23 Eanáir, an 27 Feabhra agus an 22 Bealtaine 2025.

70. D'fhormheas an Chomhairle an t-athbhreithniú leathbhliantúil ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach an 18 Feabhra 2025, agus foilsíodh é san Iris Oifigiúil ar an 28 Feabhra 2025[39].

71. Is féidir teacht ar thuarascáil níos fairsinge sa tuarascáil tiomnaithe leathbhliantúil ón Meitheal um an gCód Iompair[40].

---

[39] IO C, C/2025/1473, 28.2.2025.
[40] 9651/25 + ADD 1-7.

## 6) Fogha na Rúise faoin Úcráin

72. I bhfianaise fhogha na Rúise faoin Úcráin agus rannpháirtíocht na Bealarúise ann, rinne Meitheal na Comhairle um Cheisteanna Cánach scrúdú ar roinnt beart a d'fhéadfadh na Ballstáit a shaothrú chun tacú le cur chun feidhme bhearta sriantacha an Aontais (maidir leis an Rúis agus leis an mBealarúis) agus aon teacht timpeall orthu a chosc trí ionstraimí comhair cánach.

73. Ar an gcéad dul síos, d'aontaigh na Ballstáit gur gá deireadh a chur le gach comh-mhalartú faisnéise chun críoch cánach le Cónaidhm na Rúise agus leis an mBealarúis. Ar an dara dul síos, scrúdaigh na Ballstáit roinnt beart arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar úsáid an chomhair riaracháin agus ionstraimí eile i réimse na cánach i gcomhthéacs fhorfheidhmiú na mbeart sriantach.

74. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an Mheitheal um Cheisteanna Cánach lena faireachán ar a bhfuil ag tarlú maidir leis na bearta sin, lena n-áirítear an obair a dhéanfar laistigh den ardán sealadach a chruthaigh an Coimisiún an 3 Meitheamh 2022, i bhfoirm foghrúpa den Tascfhórsa 'Calcadh agus Coigistiú' maidir le forfheidhmiú cánach.

75. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil an 12 Meitheamh 2025, thug na toscaireachtaí dá n-aire an nuashonrú a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le hobair an fhoghrúpa sin.

## 7) Cáin i réimsí neamhchánach (TINTA)

76. An 19 Samhain 2013, chomhaontaigh an Mheitheal Ardleibhéil gur cheart gur faoi 'sásra foláirimh neamhfhoirmiúil' a thiocfadh aon fhorálacha cánach i gcomhaid nach mbaineann le cáin a dtagann aon athruithe ar dhlíthe cánach dá mbarr nó ar chleachtais riaracháin na mBallstát nó a mbeadh iarmhairtí eile acu ar chánachas'. Leis an gcur chuige córasach trína gcuirtear na cásanna sin faoi bhráid na saineolaithe cánach, le tacaíocht ón Ardrúnaíocht, tá sé á áirithiú i gcónaí go dtugtar foláireamh do na Ballstáit go tráthúil, lena n-áirítear i ndáil le hidirbheartaíocht maidir le comhaontuithe idir an tAontas agus tríú tíortha. Thug an Mheitheal Ardleibhéil dá haire an fhaisnéis is déanaí i ndáil leis sin.

**8) Tuarascálacha Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa**

77. An 28 Samhain 2024, d'eisigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) tuarascáil speisialta Uimh. 27/2024 dar teideal Combatting harmful tax regimes and corporate tax avoidance – The EU has established a first line of defence, but there are shortcomings in the way measures are implemented and monitored [Córais chánach dhíobhálacha agus seachaint cánach corparáide a chomhrac — Tá an chéad líne chosanta bunaithe ag an Aontas, ach tá easnaimh ann sa chaoi a gcuirtear bearta chun feidhme agus a ndéantar faireachán orthu]. Scrúdaíodh sa tuarascáil sin iarrachtaí an Aontais córais chánach dhíobhálacha agus seachaint cánach corparáide a chomhrac.

78. An 24 Márta 2025, d'eisigh CIE tuarascáil speisialta uimh. 08/2025 dar teideal 'Calaois Cánach Breisluacha ar allmhairí – Níl cosaint leordhóthanach ag leasanna airgeadais an Aontais faoi nósanna imeachta simplithe custaim allmhairiúcháin'. Rinneadh measúnú sa tuarascáil féachaint an bhfuil leasanna airgeadais an Aontais agus an margadh aonair á gcosaint go héifeachtach ar chalaois CBL ar allmhairí nuair a úsáidtear nósanna imeachta simplithe custaim allmhairiúcháin.

79. An 26 Feabhra agus an 12 Meitheamh 2025, bhí cur i láthair ag CIE maidir leis na tuarascálacha faoi seach sa Mheitheal Ardleibhéil.

**9) An Coimisiún Idirnáisiúnta um Réiteach Díospóidí Cánach**

80. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil an 12 Meitheamh 2025, tugadh nuashonrú do na Ballstáit ar an gcaibidlíocht maidir le Coinbhinsiún Iltaobhach i ndáil leis an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Réiteach Díospóidí Cánach.